Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9700/26**

**MAR 80**
**TRANS 345**
**IND 367**
**POLMAR 47**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9381/26 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais Eorpaigh<br>– Formheas |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 4 Márta 2026, thíolaic an Coimisiún a *Theachtaireacht maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais*[1], ina leagtar amach fís agus cur chuige darb aidhm na tionscail mhonaraíochta agus loingseoireachta mhuirí a chosaint agus borradh a chur fúthu, a n-acmhainneacht nuálaíochta a fheabhsú agus a n-iomaíochas a chosaint.

2. Is ceannaire domhanda í earnáil monaraíochta muirí na hEorpa sa longthógáil chasta ardleibhéil agus in ardteicneolaíochtaí. Spreagann sí nuálaíocht san uisce-iompar inbhuanaithe agus i ngníomhaíochtaí an gheilleagair ghoirm agus is bunchloch í den fhás tionsclaíoch réigiúnach.

3. Is príomhsholáthraí seirbhísí muirí ar fud an domhain í earnáil loingseoireachta na hEorpa, áirithíonn sí soláthairtí earraí riachtanacha, cumasaíonn sí trádáil, agus rannchuidíonn sí le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais. Cinntear léi freisin, in éineacht le deighleoga uisce-iompair eile, an t-éileamh ar tháirgí agus seirbhísí monaraíochta muirí, agus múnlaíonn sí roghanna teicneolaíocha.

---

1 6987/26

## II. AN OBAIR I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

4. D'ullmhaigh an Uachtaránacht an chéad dréacht de na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus dáileadh ar na toscaireachtaí é an 24 Márta 2026. Phléigh agus d'fhorbair an Mheitheal um Loingseoireacht téacs na ndréachtchonclúidí le linn na gcruinnithe a bhí aici an 27 Márta, an 17 agus an 24 Aibreán, an 8, an 13 agus an 22 Bealtaine 2026, agus rinne Coreper an rud céanna ina dhiaidh sin an 27 Bealtaine agus an 3 Meitheamh.

5. Ba léir ón bplé go n-aithníonn na Ballstáit gur earnálacha straitéiseacha iad na tionscail monaraíochta agus loingseoireachta muirí d'uathriail, athléimneacht, cosaint, slándáil eacnamaíoch, rathúnas, dícharbónú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní na hEorpa agus go bhfuil acmhainneacht mhór ag baint leis na hearnálacha sin. Ag an am céanna, léiríodh sa phlé freisin gur gá an aird chuí a thabhairt ar shainiúlachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus ar thosaíochtaí éagsúla sna Ballstáit.

6. Le linn na caibidlíochta, ba é sprioc na hUachtaránachta teacht ar théacs cothrom ina gcuirtear san áireamh na tuairimí, na tosaíochtaí agus na hábhair imní uile a chuir na Ballstáit in iúl.

7. Ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Meitheamh 2026, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, agus chinn sé iad a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 8 Meitheamh 2026 lena bhformheas.

## III. CONCLÚID

8. Iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chalafoirt**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

- an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chalafoirt[2];
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais[3];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Earnáil Uisce-Iompair an Aontais Eorpaigh – An t-ionchas don todhchaí: i dtreo Earnáil Uisce-Iompair an Aontais atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó thionóiscí, uathoibrithe agus iomaíoch'[4];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chalafoirt[5];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú'[6];
- na Conclúidí ón gComhairle dar teideal *A competitive European industry driving our green, digital and resilient future*[7] [Tionscal Eorpach iomaíoch chun ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach a chur chun cinn]
- na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan[8]

Á MHEABHRÚ DI gur mór-roinn uisce-iompair í an Eoraip agus gur chuid d'éiceachóras straitéiseach cuimsitheach iad an mhonaraíocht mhuirí, an loingseoireacht mhuirí, na calafoirt agus na seirbhísí gaolmhara i dtaca le huathriail straitéiseach, ceannaireacht thionsclaíoch agus theicneolaíoch, athléimneacht, cumais chosanta, slándáil eacnamaíoch, rathúnas, dícharbónú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí an Aontais, lena n-áirítear an ról atá acu maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair agus an tslándáil fuinnimh a neartú;

---

[2] 6926/26
[3] 6987/26
[4] 8648/20
[5] ST 9714/26
[6] 9976/17
[7] 10127/24
[8] 15807/25

AGUS É Á AITHINT AICI a thábhachtaí atá éiceachóras uisce-iompair Eorpach láidir, nuálach, iomaíoch agus inbhuanaithe, agus GO mBAINEANN dúshláin leis an iomaíocht dhomhanda, dícharbónú, digitiú, slándáil agus ganntanas lucht saothair;

Á MHEABHRÚ DI Dearbhú Lefkosia ó Airí an Aontais Eorpaigh atá freagrach as Gnóthaí Muirí maidir le hOideachas agus Oiliúint na Maraithe a Fheabhsú agus Rannpháirtíocht Chomhionann na mBan i dTionscal na Loingseoireachta a Chur Chun Cinn;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a riachtanaí atá gníomhaíocht chomhordaithe ar fud an Aontais, ar fud na mBallstát agus i measc na bpáirtithe leasmhara;

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais agus AITHNÍONN SÍ gur creat cuimsitheach é chun éiceachóras muirí agus loingseoireachta intíre an Aontais a neartú; IS DÍOL SÁSAIMH DI an cuspóir atá aige maidir le hiomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht an éiceachórais sin a neartú, agus TACAÍONN SÍ leis an gcuspóir sin.

## I. TÓGÁIL, FEISTIÚ & DEISIÚ

2. TACAÍONN SÍ le hearnáil monaraíochta muirí an Aontais a neartú ar mhaithe le ceannasacht thionsclaíoch, athléimneacht agus ceannaireacht theicneolaíoch, agus timpeallacht mhargaidh dhomhanda oscailte, chothrom agus iomaíoch á caomhnú ag an am céanna.
3. Cuireann sí in iúl GUR CÚIS IMNÍ DI an saobhadh trádála agus an fóirdheonú éagórach ó thríú tíortha a dhéanann difear do thionscail mhuirí an Aontais, lena n-áirítear éagothromaíochtaí costais a bhaineann le praghsanna fuinnimh, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí taighde ar roghanna chun an chosaint a thugtar do bhonn tionsclaíoch muirí an Aontais in aghaidh iomaíocht éagórach a neartú, lena n-áirítear trí na hionstraimí cosanta trádála atá ann cheana chun cothroime iomaíochta a áirithiú agus chun tacú le hiomaíochas na hEorpa, i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta, ós rud é nach féidir Rialachán (AE) 2016/1035 maidir le cosaint ar phraghsáil dhíobhálach soithí a chur i bhfeidhm ós rud é nár daingníodh Comhaontú Longthógála ECFE 1994[9].

---

9 an Comhaontú um Ghnáthdhálaí Iomaíochta a Urramú sa Tionscal Longthógála agus Longdheisithe Tráchtála (1994); Ionstraimí Dlí ECFE

4. AITHNÍONN SÍ gur soláthróirí Eorpacha iad sciar suntasach díobh siúd a sholáthraíonn trealamh agus teicneolaíocht sa slabhra luacha muirí; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé bunriachtanach mais chriticiúil d'acmhainneachtaí monaraíochta muirí a choinneáil agus a neartú san Eoraip, cuir i gcás an longthógáil agus dearadh long, deisiú, tiontú, cothabháil, iarfheistiú, athchúrsáil, trealamh muirí agus innealtóireacht aigéin, chomh maith le comhtháthú córas agus seirbhísí fochonraitheoireachta gaolmhara ar fud an tslabhra luacha mhuirí, ar mhaithe le rathúnas, ceannasacht, uathriail straitéiseach agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais, agus TUGANN SÍ LE FIOS gur cheart soláthróirí trealaimh agus teicneolaíochta a bhfuil punanna éagsúlaithe acu thar feidhmeanna muirí amháin a chumhdach go leordhóthanach le bearta ábhartha freisin.

5. IARRANN SÍ go mbainfí úsáid straitéiseach as nósanna imeachta soláthair phoiblí agus tairisceana chun monaraíocht mhuirí an Aontais a neartú agus chun tacú le hiomaíochas agus athléimneacht an tslabhra luacha mhuirí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, úsáid spriocdhírithe a bhaint as na ceanglais neamhphraghais, cuir i gcás an inbhuanaitheacht, an chiorclaíocht agus ábhar Eorpach, agus rialacha an mhargaidh inmheánaigh, oibleagáidí idirnáisiúnta agus tosaíochtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

6. TACAÍONN SÍ le Comhghuaillíocht an Aontais um Shlabhraí Luacha Muirí Tionsclaíocha a sheoladh agus MOLANN SÍ go mbunófaí go pras í chun an comhar tionsclaíoch a chothú agus na tosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha a shainaithint, agus rannpháirtíocht láidir na hearnála tionsclaíochta agus na mBallstát á háirithiú ag an am céanna, bunaithe ar shainordú agus ar chreat rialachais soiléir. IARRANN SÍ go bhforbrófaí braislí muirí náisiúnta agus réigiúnacha ina dtabharfaí le chéile longchlóis, monaróirí trealaimh, FBManna, lárionaid taighde, ollscoileanna, oifigí dearthóireachta, institiúidí airgeadais agus údaráis phoiblí. Is féidir leis na héiceachórais sin dlús a chur leis an nuálaíocht, an comhar tionsclaíoch a fheabhsú, slabhraí soláthair a neartú agus rochtain ar mhaoiniú a éascú, go háirithe do FBManna.

7. TACAÍONN SÍ le cur i bhfeidhm an tionscnaimh 'Longcheártaí na Todhchaí', lena n-áirítear tríd an gclár Fís Eorpach, agus IARRANN SÍ go gcuirfí dlús le glacadh teicneolaíochtaí digiteacha, glana agus ciorclacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faoi thiomáint IS agus teicneolaíochtaí braite, uathoibriú, róbataic agus réitigh chothabhála chliste, i longchlóis. IARRANN SÍ freisin go ndéanfaí bearta tiomnaithe do longchlóis bheaga agus mheánmhéide, go háirithe i réigiúin chomhtháthaithe, ar oileáin agus i limistéir fhorimeallacha, chun tacú leis an gclaochlú digiteach, leis an uathoibriú, le teicneolaíochtaí glana, le hacmhainneacht iarfheistithe agus le rannpháirtíocht i slabhraí luacha an Aontais.

8. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú, lena n-áirítear trí thionscnaimh ábhartha de chuid an Aontais lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta, chun leathnú tionsclaíoch agus infheistíochtaí dícharbónaithe a éascú.
9. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil punann chomhordaithe d'iarrataí poiblí agus straitéiseacha á forbairt, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, chun tacú le hinbhuanaitheacht agus iomaíochas fadtéarmach na longchlós Eorpach lena n-áirítear trí shineirgí dé-úsáide, gan ualach breise riaracháin a fhorchur.
10. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé cuir chuige arna mbunú ar an tógáil mhodúlach, an caighdeánú agus an t-olltáirgeadh a thabhairt isteach, chun an éifeachtúlacht a fheabhsú, agus a thábhachtaí atá sé díriú ar na deighleoga ardluacha margaidh, mar atá, longa cúrsála, báid farantóireachta, soithí míleata, soithí tacaíochta gaoithe amach ón gcósta agus ardáin tiontairí, soithí leagtha cáblaí, soithí taighde, soithí dreidireachta, árthaí áineasa, bristeoirí oighir agus soithí Artacha, agus an gá atá le hacmhainneacht táirgeachta an Aontais a neartú i soithí ardfhorbartha astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, agus IARRANN SÍ go dtabharfaí tús áite don infheistíocht san ardtógail long, sna córais tiomána ghlana agus sna braislí nuálaíochta uisce-iompair chun an t-iomaíochas domhanda a áirithiú. AITHNÍONN SÍ freisin an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis na báid farantóireachta, na soithí RoPax agus na soithí loingseoireachta gearrthurais don nascacht Eorpach, an comhtháthú críochach, an ullmhacht éigeandála agus an tsoghluaisteacht mhíleata, agus IARRANN SÍ go neartófaí acmhainneacht táirgeachta na hEorpa sna réimsí sin.
11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur san Eoraip a thógtar 97 % de chabhlach long cúrsála an domhain agus gur longa cúrsála a dhéanann suas 80 % den luach de réir leabhar ordaithe i longchlóis Eorpacha; is ríthábhachtach í an chúrsáil, dá bhrí sin, chun cumas longthógáil chasta na hEorpa chomh maith le cumas trealaimh mhuirí i mbraisle mhuirí na hEorpa i gcoitinne a chothabháil agus a neartú.
12. IARRANN SÍ ailíniú idirnáisiúnta neartaithe maidir le hathchúrsáil long, lena n-áirítear comhleanúnachas feabhsaithe idir Coinbhinsiún Hong Cong agus Coinbhinsiún Basel agus é mar aidhm ailíniú iomlán a bhaint amach idir rialacha idirnáisiúnta agus Rialachán an Aontais maidir le hAthchúrsáil Long[10], agus TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí chun an acmhainneacht athchúrsála inbhuanaithe a leathnú, lena n-áirítear san Aontas, agus AITHNÍONN SÍ an ról atá aige sin maidir le hamhábhair thánaisteacha a fháil agus an fhios gnó teicneolaíochta a chaomhnú san Eoraip.

---

**10** Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí lena laghdaítear na spleáchais straitéiseacha agus MOLANN SÍ don tionscal feabhas a chur ar an digitiú, ar an modúlacht agus ar an gcomhar sa slabhra luacha.

14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an ról atá ag FBManna, lena n-áirítear longchlóis bheaga agus mheánmhéide, monaróirí saintrealaimh mhuirí, soláthróirí teicneolaíochta muirí agus fochonraitheoirí i margaí speisialaithe lena n-áirítear gníomhaíochtaí nuathógála agus iarfheistithe lena dtacaítear leis an dícharbónú agus leis an nuálaíocht.

15. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an phleanáil chomhtháite spásúil mhuirí agus acmhainneacht leordhóthanach duga chun tacú le cothabháil agus seirbhísiú, *inter alia*, na soithí cabhlaigh, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na riachtanais thionsclaíocha agus iompair mhuirí san áireamh go leordhóthanach.

## II. IOMPAR & NASC

16. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról straitéiseach atá ag an uisce-iompar do nascacht agus trádáil an Aontais agus don nascacht agus trádáil dhomhanda, agus béim á leagan ag an am céanna freisin ar a thábhachtaí atá sé do shlándáil eacnamaíoch, uathriail straitéiseach agus comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh san Aontas, chomh maith leis an rannchuidiú a dhéanann sé le hathléimneacht na slabhraí soláthair; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé creat státchabhrach cobhsaí intuartha a choinneáil don mhuiriompar mar phríomhghné chun iomaíochas domhanda loingseoireacht na hEorpa a chosaint, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an chothroime iomaíochta a áirithiú ar an leibhéal domhanda agus iomaíochas domhanda loingseoireacht na hEorpa a chaomhnú.

17. LEAGANN SÍ BÉIM AR an riosca a bhaineann leis an saobhadh iomaíochta, lena n-áirítear an t-atreorú tráchta chuig calafoirt i dtríú tíortha, agus ar an gá atá le bearta iomchuí chun na rioscaí sin a mhaolú, agus neamhchosaint na hearnála muirí ar an iomaíocht idirnáisiúnta agus an ról lárnach atá aici i slabhraí lóistíochta domhanda á gcur san áireamh.

18. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an nascacht mhuirí do na hoileáin, do na Ballstáit oileánacha, do na réigiúin fhorimeallacha agus do na réigiúin is forimeallaí, agus do Thíortha agus Críocha Thar Lear, lena n-áirítear trí oibleagáidí seirbhíse poiblí, don chomhtháthú críochach, do shlándáil an tsoláthair agus don turasóireacht.

19. AITHNÍONN SÍ sí gurb iad longúinéirí na hEorpa is mó a spreagann an t-éileamh ar fud an éiceachórais thionsclaíoch mhuirí, agus aithníonn sí a thábhachtaí atá sé cabhlach Eorpach iomaíoch tarraingteach a choinneáil, lena n-áirítear faoi bhratacha an Aontais, chun an tslándáil eacnamaíoch, athléimneacht an tslabhra soláthair agus an t-iomaíochas domhanda a áirithiú, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról ríthábhachtach atá ag earnáil na bulc-loingseoireachta/na loingseoireachta fáin, arb í 75 % de loingseoireacht an Aontais í, chun slándáil fuinnimh agus bia Bhallstáit an Aontais a chosaint; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá na soithí intíre, soithí RoRo agus soithí RoPax, go háirithe mar thaca leis an nascacht oileánach, naisc straitéiseacha mhuirí agus seirbhísí comhtháthaithe chríochaigh do shlabhraí soláthair, an tsoghluaisteacht agus mar ionaid tástála le haghaidh breoslaí malartacha agus teicneolaíochtaí nuálacha, chomh maith le báid farantóireachta agus soithí loingseoireachta gearrthurais don nascacht Eorpach, don chomhtháthú críochach, don ullmhacht éigeandála agus don tsoghluaisteacht mhíleata, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhféadfaí iad a fhorbairt ina ndeighleoga ardluacha, lena n-áirítear i gcomhthéacs dé-úsáide agus IARRANN SÍ go neartófaí acmhainneacht táirgeachta na hEorpa sna deighleoga sin.

20. TUGANN SÍ LE FIOS, i gcás ina nglacfar bearta domhanda i gcomhréir le spriocanna Straitéis GCT 2023 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Muirí, go mbeidh gá le hoiriúnuithe iomchuí ar Rialachán FuelEU Maritime, an Rialachán maidir le MRV agus CTA Muirí an Aontais chun íocaíochtaí dúbailte airgeadais agus ualaí riaracháin a sheachaint go héifeachtach agus chun cur chun feidhme comhchuibhithe agus comhleanúnachas le rialacháin idirnáisiúnta a áirithiú agus iomaíochas earnáil mhuirí na hEorpa agus cuspóirí an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 á gcosaint ag an am céanna; agus MOLANN SÍ simpliú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar na creataí faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe faoi CTA Muirí agus FuelEU Maritime.

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé córas aicmithe aitheanta an Aontais a chaomhnú mar bhunchloch don dearbhú sábháilteachta i gcomhthéacs na loingseoireachta ardcháilíochta dá dtagraítear sa Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ gur cheart na socruithe maidir le haitheantas frithpháirteach a bheith teoranta i gcónaí don trealamh nach bhfuil ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de chun an leibhéal is airde sábháilteachta agus muiníne a choinneáil.

22. IARRANN SÍ go gcuirfí leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an rochtain ar an margadh do sheirbhísí loingseoireachta na hEorpa, lena n-áirítear trí úsáid éifeachtach a bhaint as comhaontuithe trádála an Aontais agus trí thacaíocht iomchuí a thabhairt do shocruithe déthaobhacha muirí atá i gcomhréir le dlí an Aontais.

23. AITHNÍONN SÍ gur gá an comhar a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le tachtphointí muirí agus comhpháirtíochtaí domhanda.

24. TACAÍONN SÍ le bunú Lánaí agus Moil Loingseoireachta Glasa de chuid an Aontais agus le himscaradh comhordaithe breoslaí muirí inbhuanaithe, lena n-áirítear réitigh nuálacha le haghaidh teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le creataí idirthréimhseacha intuartha maidir le glacadh breoslaí malartacha agus teicneolaíochtaí malartacha, agus a n-infhaighteacht agus a bhforbairt bonneagair á gcur san áireamh, chun sceitheadh carbóin agus suaitheadh sa nascacht a sheachaint; AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh tionchar a bheith ag costais aistrithe ar nascacht agus ar phraghsanna, go háirithe do gheilleagair na n-oileán, na mBallstát oileánach, na réigiún oighir agus na réigiún is forimeallaí; IARRANN SÍ go mbeadh bearta tacaíochta spriocdhírithe ann chun tionchair dhíréireacha a mhaolú.

26. CUIREANN SÍ I dTREIS go n-éilítear le dícharbónú na loingseoireachta rannpháirtíocht ghníomhach na ngníomhaithe uile ar fud shlabhra luacha an uisce-iompair, lena n-áirítear táirgeoirí agus soláthróirí breosla, agus TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh breoslaí malartacha sábháilte agus inbhuanaithe ar fáil go tráthúil i gcainníochtaí leordhóthanacha agus ar phraghsanna iomaíocha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbraitheann infhaighteacht agus bonneagar le haghaidh buncaireacht breoslaí nua ar ghlacadh na mbreoslaí sin sa mhargadh.

27. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé ioncam CTA AE a úsáid chun críocha a bhaineann leis an aeráid agus MOLANN SÍ do na Ballstáit, i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta, tacú le dícharbónú na hearnála muirí ar fud an tslabhra luacha, lena n-áirítear cuideachtaí loingseoireachta, longchlóis, tionscadail iarfheistithe, monaróirí trealaimh, soláthraithe teicneolaíochta, soláthróirí breosla agus calafoirt, agus MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid a bhaint as an ioncam a ghintear ó loingseoireacht a áireamh in CTA AE chun tacú le haistriú fuinnimh na hearnála, lena n-áirítear athnuachan cabhlaigh, iarfheistiú glas, seirbhísí iompair muirí oileáin, breoslaí malartacha agus bonneagar fuinnimh calafort.

28. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ardchaighdeáin sábháilteachta muirí, lena n-áirítear loingseoireacht ardcháilíochta trí reachtaíocht a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus TACAÍONN SÍ leis an obair bhreise ar chreataí sábháilteachta i bhfianaise breoslaí agus teicneolaíochtaí nua.

29. IARRANN SÍ go ndéanfaí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a dhigitiú, lena n-áirítear deimhnithe digiteacha agus cur chun feidhme iomlán na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus idirnascacht an Mhoil Sonraí Custaim a bheidh ann amach anseo; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta cur chun feidhme atá fágtha a chur i gcrích agus ualaí breise riaracháin ar an earnáil mhuirí a sheachaint; MOLANN SÍ don Choimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun ceanglais tuairiscithe náisiúnta agus ceanglais tuairiscithe an Aontais a shimpliú agus a chuíchóiriú, i gcomhairle leis an tionscal muirí agus leis an tionscal calafort.

30. MOLANN SÍ do na Ballstáit cur chun feidhme na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a thabhairt chun críche agus ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú.

## III. DAINGNIÚ & COSAINT

31. AITHNÍONN SÍ an méadú atá ag teacht ar bhagairtí slándála muirí agus an riosca suntasach a bhaineann leis an scáthchabhlach[11] don tsábháilteacht agus don tslándáil mhuirí, do bhonneagar criticiúil muirí agus don chomhshaol muirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá don Aontas a chumais athléimneachta, ullmhachta agus chosanta a neartú, lena n-áirítear i gcoinne bagairtí hibrideacha sa réimse muirí agus trí fheasacht staide a fheabhsú; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé bonneagar criticiúil muirí a chosaint, athléimneacht na slabhraí soláthair a threisiú, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán geopholaitiúil atá ag teacht chun cinn. IARRANN SÍ go bhfeabhsófaí an comhar sibhialta-míleata agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta chun an tslándáil mhuirí a áirithiú.

32. TACAÍONN SÍ i gcás inarb iomchuí, le hacmhainneachtaí tionsclaíocha agus teicneolaíocha cabhlaigh a neartú, lena n-áirítear trí thionscnaimh ábhartha de chuid an Aontais.

[11] Mar a shainmhínítear i Rún IMO A.1192(33)

33. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé feasacht ar an réimse muirí a neartú trí ardteicneolaíochtaí agus ardchórais a chomhtháthú, lena n-áirítear trealamh, bogearraí, nósanna imeachta oibríochtúla agus na scileanna is gá chun an athléimneacht fhoriomlán a fheabhsú trí chur chuige faireachais ilfhearainn lena n-áirítear gnéithe faoin bhfarraige, gnéithe dromchla, gnéithe aeir agus gnéithe spáis; TACAÍONN SÍ le malartú sonraí feabhsaithe agus le córais idir-inoibritheacha idir gníomhaithe sibhialta agus míleata chun pictiúr coiteann muirí a chruthú.

34. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá teicneolaíochtaí agus bonneagar faoi uisce, chomh maith le cumais mhuirí dé-úsáide a fhorbairt chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais freagairt do bhagairtí hibrideacha, cibearbhagairtí agus bagairtí geopholaitiúla sa réimse muirí.

35. MOLANN SÍ cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais maidir le bonneagar a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais shibhialta agus mhíleata araon, ar fud imchuacha farraige agus réigiúin uile na hEorpa, go háirithe iad siúd atá íogair ó thaobh straitéise de, agus ÁITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá soithí dé-úsáide, lena n-áirítear báid farantóireachta, a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le hathléimneacht na n-oileán, ullmhacht éigeandála, cosaint shibhialta agus bealaí farraige a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, agus DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hacmhainneachtaí faireacháin neartaithe agus faireachais feabhsaithe.

36. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag an Loingseoireacht Gearrthurais maidir le hathléimneacht an chórais iompair Eorpaigh a neartú agus nascacht réigiúnach a fheabhsú agus MOLANN SÍ bearta breise chun tacú lena fhorbairt, lena n-áirítear trí ualaí riaracháin a laghdú.

37. MOLANN SÍ do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as tionscnaimh an Aontais chun an tslándáil mhuirí agus a gcumais chosanta a neartú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún acmhainní a leithdháileadh chun sásra tacaíochta tógála farantóireachta dé-úsáide a fhorbairt.

38. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS IMNÍ DI na méideanna ollmhóra armlóin neamhshábháilte in uiscí cósta agus aigéin Eorpacha agus idirnáisiúnta a dumpáladh roimhe seo i gcomhthéacs cogaí agus coinbhleachtaí míleata. MOLANN SÍ comhar idir na Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus na tionscail chun feasacht níos fearr a mhúscailt agus é mar aidhm réitigh theicniúla agus a bhfeidhmeanna a chur chun cinn go comhpháirteach lena gcumasófar armlón dumpáilte a shainaithint, faireachán a dhéanamh air agus, más féidir, é a aisghabháil agus a dhiúscairt ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

## IV. ROCHTAIN AR NUÁLAÍOCHT

39. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an nuálaíocht chun ceannaireacht an Aontais i dteicneolaíochtaí muirí a choinneáil agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht, nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch a chur chun cinn san earnáil uisce-iompair, mar phríomhthosca iomaíochais agus inbhuanaitheachta.

40. TACAÍONN SÍ le creataí rialála domhanda a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear leictriú, gabháil carbóin, tiomáint gaoithe, hidrigin agus teicneolaíochtaí tiomána malartacha eile, amhail teicneolaíochtaí núicléacha, agus cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de á áirithiú ag an am céanna lenar féidir leis an nuálaíocht dul chun cinn a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh agus le ceanglais sábháilteachta.

41. TACAÍONN SÍ leis an nuálaíocht i soithí sábháilte uathrialaitheacha agus cianoibrithe agus i bhfeidhmchláir róbataice faoi uisce agus le rochtain níos fearr ar bhinsí tástála agus ar bhoscaí gainimh rialála.

42. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le tacaíocht láidir taighde agus nuálaíochta, ag tógáil ar na comhpháirtíochtaí agus ar na cláir phoiblí-phríobháideacha atá ann cheana, lena n-áirítear leanúnachas na Comhpháirtíochta Uisce-Iompair Astaíochta Nialasaí agus líonraí gaolmhara, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh uas-scálú agus imscaradh tionsclaíoch mar thoradh éifeachtach ar chistiú nuálaíochta agus go dtacóidh sé le hacmhainneacht táirgeachta sa gheilleagar gorm i gcoitinne freisin, lena n-áirítear iascach agus teicneolaíochtaí fuinnimh aigéin atá ag teacht chun cinn, i réimsí amhail éifeachtúlacht fuinnimh, digitiú agus sábháilteacht, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtheicniúla amhail srianta rialála, ceanglais oibríochtúla agus neamhréireachtaí trasteorann a chuireann srian le himscaradh ar mórscála.

43. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh chun rochtain ar bhonneagair thaighde a mhapáil agus a leathnú do FBManna agus do nuálaithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé sócmhainní teicneolaíochta agus fios gnó an Aontais a chosaint.

44. TACAÍONN SÍ le binsí tástála, treoirthionscadail agus ardáin taispeána de chuid an Aontais a chruthú do bháid farantóireachta, soithí hibrideacha, soithí leictreacha, longchlóis chliste agus réitigh dhigiteacha mhuirí, le rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát oileánach.

## V. ROCHTAIN AR MHAOINIÚ & INFHEISTÍOCHT

45. ÁITHNÍONN SÍ na riachtanais shuntasacha infheistíochta maidir le dícharbónú, digitiú agus claochlú tionsclaíoch, lena n-áirítear an gá atá le trédhearcacht, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le hionstraimí airgeadais an Aontais chun tacú leis na hinfheistíochtaí is gá chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú agus a dhigitiú agus chun an riosca a bhaint díobh, lena n-áirítear breoslaí muirí inbhuanaithe a tháirgeadh agus a dháileadh agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá ag teacht chun cinn a fhorbairt.

46. IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh feabhsuithe ar an gCiste don Nuálaíocht, d'fhonn feabhas a chur ar an rochtain do gach deighleog loingseoireachta, go háirithe do FBManna, agus IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige níos spriocdhírithe ann lena gcuirfí saintréithe sonracha na ndeighleog éagsúil loingseoireachta san áireamh, lena n-áirítear earnáil na bulc-loingseoireachta/na loingseoireachta fáin, agus CUIREANN SÍ bhFIOS GO LÁIDIR nach mór machnamh a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais agus ar bhearta tacaíochta lena n-áiritheofar rochtain éifeachtach ar chistiú do FBManna san earnáil uisce-iompair, lena n-áirítear báid farantóireachta agus loingseoireacht gearrthurais a fhreastalaíonn ar nascacht na n-oileán agus IARRANN SÍ go mbeadh soiléireacht agus inrochtaineacht níos fearr ann maidir leis na hionstraimí agus na sásraí cistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais atá ar fáil don earnáil mhuirí, d'fhonn a áirithiú go nglacfaidh na Ballstáit agus páirtithe leasmhara tionscail leo go héifeachtach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar mhaoiniú foirgneamh nua, athnuachan flít, iarfheistiú, tiontú, infheistíochtaí dícharbónaithe a bhaineann le deisiú agus uasghráduithe trealaimh ar fud an tslabhra luacha thionsclaíoch mhuirí, ar bhealach atá ábhartha don loingseoireacht gearrthurais agus don loingseoireacht farraige araon.

47. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach thar idirthréimhse fhada chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú, lena n-áirítear cabhlaigh Eorpacha a nuachóiriú, bonneagar a uasghrádú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht breoslaí muirí inbhuanaithe agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé nuachóiriú agus claochlú tionsclaíoch longchlóis agus thionscail mhuirí na hEorpa a thugann faoi thionscadail nuathógála, iarfheistithe agus tiontaithe a chumasú.

48. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh chistiúcháin an Aontais, lena n-áirítear glaonna ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht agus slógadh InvestEU.

49. TACAÍONN SÍ le maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh, lena n-áirítear trí ardáin chomhairleacha agus píblínte tionscadal, agus aithníonn sí ag an am céanna a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh creataí rialála agus bearta tacaíochta réalaíoch, oiriúnach don fheidhm agus ailínithe le cumais an mhargaidh gan coimircí rialála a laghdú, agus TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le sásraí tacaíochta cobhsaí trédhearcacha chun pleanáil thionsclaíoch fhadtéarmach a chumasú agus, MOLANN SÍ do na Ballstáit, don Aontas agus don earnáil phríobháideach rogha mhalartach Eorpach a fhorbairt ar an tsamhail léasaithe a úsáidtear i dtríú tíortha.

50. MOLANN SÍ do na Ballstáit, i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta, machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt don dícharbónú muirí agus d'infheistíochtaí tionsclaíocha, lena n-áirítear trí iarrthóirí ionchasacha a shainaithint le haghaidh Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne.

51. ÁITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le maoiniú cobhsaí, fadtéarmach, go háirithe do FBManna, agus le hionstraimí cistiúcháin níos comhleanúnaí; TATHANTAÍONN SÍ go ndéanfaí príomhchláir chistiúcháin an Aontais a shimpliú, lena n-áirítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Fís Eorpach, InvestEU agus an Ciste don Nuálaíocht, agus go mbainfí bacainní rialála; TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an Ciste Eorpach um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo chun dícharbónú, imscaradh teicneolaíochta nua agus ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais a spreagadh. MOLANN SÍ go ndéanfaí scrúdú ar na féidearthachtaí chun tacú le teicneolaíochtaí muirí Eorpacha; agus TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le maoiniú inrochtana atá saincheaptha do gheilleagair bheaga, oileánacha, Ballstáit oileánacha, do gheilleagair na réigiún forimeallach agus do gheilleagair na réigiún is forimeallaí, chomh maith le geilleagair na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear.

52. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá uirlisí maoinithe Eorpacha leordhóthanacha agus scéimeanna maoinithe cumaiscthe do nuachóiriú longchlós, iarfheistiú glas, athnuachan cabhlaigh do réimsí straitéiseacha, amhail báid farantóireachta, braislí muirí, soláthróirí muirí FBManna, soithí astaíochtaí nialasacha agus ísle agus claochlú digiteach na dtionscal muirí.

53. TACAÍONN SÍ le machnamh a dhéanamh ar shásra Eorpach tiomnaithe chun flíteanna paisinéirí agus RoPax a fhreastalaíonn ar oileáin agus ar réigiúin iargúlta a athnuachan, lena gcomhcheanglaítear cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe, iompair, aeráide agus thionsclaíoch.

## VI. ROCHTAIN AR SCILEANNA AGUS AR PHOIST ARDCHÁILÍOCHTA

54. ÁITHNÍONN SÍ go bhfuil earnáil muiriompair an Aontais ag streachailt le ganntanas gairmithe oilte, le lucht saothair atá ag dul in aois agus le dálaí oibre deacra, cúinsí a dhéanann difear dá hathléimneacht agus dá hiomaíochas fadtéarmach nuair a chuirtear le chéile iad.

55. ÁITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá lucht saothair oilte, lena n-áirítear maraithe agus oibrithe longchlóis, don iomaíochas, don nuálaíocht agus don athléimneacht, agus TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le lucht saothair cáilithe a mhealladh agus a choinneáil ar fud na n-earnálacha muirí agus calafoirt, agus inniúlachtaí na mBallstát i gcórais oideachais agus oiliúna á n-urramú agus comhar agus soghluaisteacht á gcur chun cinn.

56. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá oideachas agus oiliúint mhuirí, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair muirí cáilithe ann a sheasfaidh an aimsir; CUIREANN SÍ IN IÚL nach mór athoiliúint agus breisoiliúint a chur ar lucht saothair reatha na hearnála longthógála agus deisithe chun scileanna speisialaithe nua a fhorbairt agus chun freastal ar éilimh nua-aimseartha a eascraíonn as teicneolaíochtaí nuálacha tiomána, digiteacha agus uathoibrithe a ghlacadh agus a úsáid; IARRANN SÍ go dtacófaí le poist ardcháilíochta thairbheacha, ionas go mbeidh an earnáil níos tarraingtí; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá tionscnaimh chun feasacht a mhúscailt agus spéis daoine óga a mhéadú sna tionscail longthógála agus mhuirí.

57. GEALLANN SÍ go seasfaidh sí le tarraingteacht earnáil mhuirí an Aontais trí bhearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena n-áiritheofar dálaí córa oibre do gach maraí, i gcomhréir iomlán leis na caighdeáin a fhorordaítear faoin gCoinbhinsiún Oibreachais Mhuirí (MLC, 2006) agus faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais.

58. IARRANN SÍ go mbeadh tionscnamh comhordaithe Eorpach ann maidir le scileanna muirí, athsciliú agus barr feabhais gairme d’oibrithe longchlóis, d’innealtóirí muirí, do leictreoirí, do speisialtóirí uathoibrithe, do theicneoirí breosla mhalartaigh agus do mharaithe.